# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2008**

# EALAÍN

## Sceitseáil Beo-Ábhair

**Ardleibhéal**

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé hAoine, 9 Bealtaine** **Tráthnóna, 2.00 – 3.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Dé Céadaoin, 30 Aibreán**

---

## Treoracha do Mhúinteoirí Ealaíne agus d'Fheitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir cúig nóiméad déag atá sa chéad cheann. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi agus a thógfaidh timpeall tríocha nóiméad atá sa dara ceann.

.

**Ní gá éadaí speisialta ar bith don chuspa.**
**Is gá na frapaí seo a leanas:**

- **Mála beag iompair agus tuáille beag nó scaif.**
- **Cathaoir don dara staidiúir.**

Beidh sé de chead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag san iomlán a ghlacadh mar thréimhsí sosa le linn an scrúdaithe. Is féidir na tréimhsí sosa a eagrú mar a oireann. Beidh siad sin san áireamh san uair an chloig iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint lena gcuid oibre ar an líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus sa bhriseadh idir na staidiúirí.

Deichniúr iarrthóirí ar a mhéad a cheadaítear i mbun líníochta le cuspa amháin. Ba chóir ligean d'iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa agus an dara staidiúir ar siúl, más mian leo sin.

## Treoracha d'Iarrthóirí

- Iarrtar ort **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

  (a) Staidiúir 15 nóiméad atá sa chéad cheann a bhfuil cur síos air sa scrúdpháipéar seo (An Chéad Staidiúir (a)), agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a dhéanamh.

  (b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi a bheidh sa dara ceann a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, (An Dara Staidiúir (b)), staidiúir a mhairfidh 30 nóiméad. Is féidir an fhíor iomlán a roghnú **nó** an cloigeann agus na guaillí/leathfhíor do Staidiúir (b).
  N.B. Má roghnaíonn tú an cloigeann agus na guaillí/leathfhíor meabhraítear duit **nach** leor an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Ní mór an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe, agus an cloigeann, an muineál, na guaillí agus na géaga uachtair ar a laghad a bheith san áireamh.

- Ní mór an líníocht a dhéanamh ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa.

- Tá cead agat leanúint leis an obair ar an líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus sa bhriseadh idir na staidiúirí.

- Méid an pháipéir: A2

- Más mian leat páipéar éagsúil a úsáid seachas an páipéar a thugtar duit, ní mór don fheitheoir cúl na bileoige a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú go bhfuil sí folamh.

- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.

- Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal atá i gceist go soiléir ar gach bileog líníochta.

- Is féidir aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, agus dath san áireamh. Ní mór don mheán triomú go tapa, ámh.

- Is féidir an cúlra a chur in iúl.

- **Ná déan** do shaothar críochnaithe **a bhearradh ná a fheistiú**.

**(a) An Chéad Staidiúir – Achar ama 15 nóiméad** (20 marc)

***Tá an cuspa ina s(h)easamh agus***

- an meáchan anuas ar an gcos dheas
- an chos chlé beagán chun tosaigh
- an lámh dheas ag breith ar na hanlaí ar an mála iompair beag
- géag na láimhe clé ar feadh na gcoime
- tuáille beag nó scaif leata ar ghéag na láimhe clé agus an lámh chlé le feiceáil
- an cloigeann casta ar clé.

**(b) An Dara Staidiúir – Achar ama 30 nóiméad** (30 marc)

***Tá an cuspa ina s(h)uí go díreach ar chathaoir agus***

- an chos dheas thar an chos chlé, agus an chos chlé ar an urlár
- géag na láimhe clé trasna ar feadh na coimlíne, an lámh ag breith ar an uillinn dheas
- an smig i nglac na láimhe deise
- an cloigeann claonta ar dheis.

**Leathanach Bán**